An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

# Treochtaí i bPraghsanna Gairneoireachta in Éirinn

Tuarascáil ón Rialálaí Agraibhia ag úsáid Sonraí POS.

Foilsithe: an 18 Márta 2025

# Ábhair

Réamhrá ... 03
Príomhinnéacsanna POS a úsáidtear sa Tuarascáil seo ... 04

Innéacs Praghsanna Ionchuir agus Aschuir Talmhaíochta POS - 10 mBliana ... 05
Innéacs Praghsanna Ionchuir agus Aschuir Talmhaíochta POS - 5 Bliana ... 06
Innéacs Praghsanna Ionchuir agus Aschuir Talmhaíochta POS - 3 Bliana ... 07

Teagasc - Príomhionchuir Ghairneoireachta 2024 ... 08

Fo-innéacsanna Praghsanna Ionchuir Talmhaíochta PSO
- Fuinneamh, Leictreachas, Síolta agus Cosaint Plandaí - 10 mBliana ... 09
- Fuinneamh, Leictreachas, Síolta agus Cosaint Plandaí - 5 Bliana ... 10
- Fuinneamh, Leictreachas, Síolta agus Cosaint Plandaí - 3 Bliana ... 11
- Leasacháin - 10 mBliana ... 12
- Leasacháin - 5 Bliana ... 13
- Leasacháin - 3 Bliana ... 14

Fo-innéacsanna Praghsanna Aschuir Talmhaíochta PSO
- Aschur bairr, Gránaigh, Torthaí & Glasraí agus Prátaí - 10 mBliana ... 15
- Aschur bairr, Gránaigh, Torthaí & Glasraí agus Prátaí - 5 Bliana ... 16
- Aschur bairr, Gránaigh, Torthaí & Glasraí agus Prátaí - 3 Bliana ... 17

Fo-innéacs Praghsanna Tionscail POS
- Torthaí agus Glasraí – 10 mBliana ... 18
- Torthaí agus Glasraí – 5 Bliana ... 19

Fo-innéacsanna Praghsanna do Thomhaltóirí CSO
- Bia, Torthaí, Prátaí agus Glasraí - 10 mBliana ... 20
- Bia, Torthaí, Prátaí agus Glasraí - 5 Bliana ... 21
- Bia, Torthaí, Prátaí agus Glasraí - 3 Bliana ... 22



## Réamhrá

Tá ról lárnach ag an earnáil ghairneoireachta in Éirinn i soláthar bia intíre.

In ainneoin a thábhachtaí atá sé, tá easpa sonraí cuimsitheacha agus mionsonraithe ar phraghsáil thar an raon leathan táirgí a chumhdaítear le gairneoireacht. De bharr na bearna sonraí seo tá sé dúshlánach treochtaí a rianú, coinníollacha an mhargaidh a mheas, agus eolas cruinn a thabhairt i dtaca le cinntí beartais.

Faoi láthair, tá tacair sonraí praghsála teoranta atá ar fáil go poiblí a chuireann aschuir éagsúla na hearnála gairneoireachta in iúl. Cé go ndéantar dlúth fhaireachán ar roinnt grúpaí tráchtearraí, tá cuid mhór den earnáil fós faoi ghannionadaíocht tuairiscithe go oifigiúil.

I bhfianaise na dteorainneacha sin, soláthraíonn innéacsanna na Príomh-Oifige Staidrimh (POS) an fhoinse sonraí is comhsheasmhaí agus is iontaofa chun anailís a dhéanamh ar ghluaiseachtaí praghais san earnáil. Cé go bhfuil catagóir leathan de tháirgí talmhaíochta i gceist leis na hinnéacsanna seo, cuireann siad léargais luachmhara ar fáil ar threochtaí praghsála fadtéarmacha. Trí dhíriú ar na hinnéacsanna seo, tá sé mar aidhm ag an tuarascáil seo pictiúr soiléir comhsheasmhach a chur i láthair ar an gcaoi ar tháinig athrú ar phraghsanna ionchuir agus aschuir thar thréimhsí 3, 5 agus 10 mbliana, agus bunús a sholáthar le haghaidh tuilleadh anailíse agus plé ar staid earnáil ghairneoireachta na hÉireann.

# Príomhinnéacsanna POS a úsáidtear sa Tuarascáil seo

## Innéacs Praghsanna Ionchuir Talmhaíochta

Rianaíonn an t-innéacs seo costas na n-ionchur riachtanach i dtáirgeadh talmhaíochta. Maidir leis an earnáil gairneoireachta, áirítear léi príomhchatagóirí amhail leasacháin, fuinneamh, leictreachas, síolta agus cosaint plandaí.

## Innéacs Praghsanna Aschuir Talmhaíochta

Léiríonn an t-innéacs seo na praghsanna a fhaigheann feirmeoirí ar a gcuid táirgí. San earnáil gairneoireachta, cuimsíonn sé aschuir barr, gránaigh, torthaí agus glasraí, agus prátaí.

## Innéacs Praghsanna Tionscail le haghaidh Torthaí agus Glasraí

Déanann an t-innéacs seo monatóireacht ar phraghsanna táirgí próiseáilte torthaí agus glasraí. Léiríonn sé treochtaí ar bharr aschur talmhaíochta amh, ag gabháil le gluaiseachtaí praghsanna ag céim thionsclaíoch an tslabhra soláthair.

## Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí (IPT)

Tomhaiseann an t-innéacs seo na praghsanna miondíola deiridh a íocann tomhaltóirí. Tugann sé léargais ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag athruithe ar chostais ionchuir agus ag fachtóirí eile ar phraghsanna bia, torthaí, glasraí agus prátaí atá dírithe ar thomhaltóirí.

* Soláthraítear nasc chuig foinse sonraí an POS agus nasc chuig sonraí na bhfo-innéacsanna a úsáideadh faoi gach sleamhnán.

# Innéacs Praghsanna Ionchuir agus Aschuir Talmhaíochta POS 10 mBliana




## Innéacs Ionchuir:

Idir Eanáir 2014 agus Deireadh Fómhair 2016, tháinig laghdú os cionn 9% ar Innéacs Ionchuir Talmhaíochta POS.

Ina dhiaidh sin tháinig méadú suntasach a thosaigh in 2021, agus baineadh buaicleibhéal an innéacs amach i mí na Samhna 2022 le 50% os cionn a luach 2014.

## Innéacs Aschuir:

Tharla laghdú os cionn 18% idir Eanáir 2014 agus Iúil 2016.

Mar sin féin, tháinig ardú ar phraghsanna aschuir go mór ina dhiaidh sin, agus bhain an t-innéacs an pointe is airde amach i mí na Nollag 2022, níos mó ná 42% os cionn a luach tosaigh.

https://data.cso.ie/table/AHM04

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

# Innéacs Praghsanna Ionchuir agus Aschuir Talmhaíochta POS 5 Bliana




https://data.cso.ie/table/AHM05

## Innéacs Ionchuir:

Ó Eanáir 2020, tháinig méadú suntasach ar an Innéacs Ionchuir, baineadh buaicphointe amach i mí na Samhna 2022 ag 54% os cionn a thúsphointe.

Ba é na méaduithe suntasacha ar chostais leasacháin agus fuinnimh a spreag an méadú go háirithe.

## Innéacs Aschuir:

Tháinig méadú ar phraghsanna aschuir go suntasach freisin, baineadh buaicphointe amach i mí na Nollag 2022 le méadú 57%.

Tar éis an bhuaicphointe seo a bhaint amach, tháinig laghdú ar an innéacs de réir a chéile go dtí Lúnasa 2023, agus ina dhiaidh sin thosaigh sé ag méadú arís.

# Innéacs Praghsanna Ionchuir agus Aschuir Talmhaíochta POS 3 Bliana

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator




## Innéacs Ionchuir:

Le trí bliana anuas, tháinig méadú mór ar an Innéacs Ionchuir ó 2020, agus baineadh an buaicphointe amach ag deireadh 2022 mar thoradh air.

Ina dhiaidh sin tháinig laghdú de réir a chéile, a lean ar aghaidh go dtí deireadh 2024.

## Innéacs Aschuir:

Tharla treocht tosaigh chomhchosúil maidir le praghsanna aschuir, a thit go mór i mí Lúnasa 2023 sular bhain siad an buaicphointe amach arís beagnach.

https://data.cso.ie/table/AHM05

# Teagasc - Príomhionchuir Ghairneoireachta 2024



Díríonn sonraí Teagasc aird ar na spreagthaí costais a bhaineann leis an ngairneoireacht, lena n-áirítear praghsanna leasacháin, ídiú fuinnimh agus bearta cosanta plandaí.

D'fhéach an Rialálaí Agraibhia le fo-innéacsanna a úsáid chun conas a d'fhéadfadh ionchur agus aschur san earnáil seo athrú thar thréimhse na tuarascála seo a léiriú.

| Tuarascáil Ionchuir Barr Teagasc 2024 | Saothar | Pacáistíocht | Leasacháin | Cosaint plandaí | Fuinneamh | Ionchuir earnáilsonracha | eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Muisiriúin | 46.3% | 7.7% | 0.0% | 1.8% | 5.9% | 35.2% | 3.1% |
| Stoc plandlainne | 36.5% | 7.2% | 5.5% | 6.1% | 7.2% | 4.9% | 32.5% |
| Bogthorthaí | 43.1% | 4.6% | 4.8% | 4.9% | 9.6% | 9.6% | 23.4% |
| Barrthorthaí | 46.9% | 9.2% | 2.4% | 13.8% | 3.3% | 0.0% | 24.4% |
| Glasraí | 38.7% | 5.4% | 6.5% | 4.9% | 5.5% | 10.2% | 28.8% |
| Barraí Sailéid Cosanta | 39.9% | 9.0% | 5.7% | 4.9% | 6.4% | 16.5% | 17.6% |
| Barraí Sreang Arda | 41.6% | 5.6% | 3.2% | 2.0% | 19.2% | 10.0% | 18.4% |

https://www.teagasc.ie/media/website/publications/2024/Horticulture-Crop-Input-Prices-2024.pdf

# Fo-innéacsanna Praghsanna Ionchuir Talmhaíochta PSO
## (Fuinneamh, Leictreachas, Síolta agus Cosaint Plandaí) - 10 mBliana




**Innéacsanna Costais Ionchuir Gairneoireachta d'Fhuinnimh, Leictreachais, Shíolta agus Chosaint Plandaí**

Sa chéad seacht mbliana den chairt seo, titeann na hinnéacsanna praghsanna Fuinnimh, Leictreachais agus Síl go léir, agus sroicheann gach ceann acu an pointe is ísle ag amanna éagsúla.

Shroich an leictreachas a phointe is ísle i mí Feabhra 2016 síos 24%, thit an t-innéacs praghsanna Síl 14% faoi Mheán Fómhair 2018, agus thit fuinneamh 5% go Bealtaine 2017.

Faoin mbliain 2021, bhí na hinnéacsanna praghsanna ar fad méadaithe os cionn a leibhéil in Eanáir 2014.

https://data.cso.ie/table/AHA04

POS - Eolas faoin bPraghas Ionchuir

# Fo-innéacsanna Praghsanna Ionchuir Talmhaíochta PSO
## (Fuinneamh, Leictreachas, Síolta agus Cosaint Plandaí) - 5 Bliana






**Innéacsanna Costais Ionchuir Gairneoireachta d'Fhuinnimh, Leictreachais, Shíolta agus Chosaint Plandaí**

Le cúig bliana anuas, tá méadú mór tagtha ar phraghsanna Leictreachais agus Fuinnimh, arna dtiomáint ag treochtaí domhanda sa mhargadh fuinnimh.

Baineadh buaicphointe an Innéacs Leictreachais amach i mí na Nollag 2022, tar éis méadú faoi dhó teacht air (+107%) i níos lú ná dhá bhliain. Tháinig méadú 65% ar an Innéacs Fuinnimh faoi Dheireadh Fómhair 2022 freisin.

Tháinig ardú 19% ar an innéacs praghsanna síolta i mí an Mhárta 2022, agus tháinig méadú 25% ar phraghsanna Cosanta Plandaí go Meitheamh 2022.

https://data.cso.ie/table/AHA05

POS - Eolas faoin bPraghas Ionchuir

# Fo-innéacsanna Praghsanna Ionchuir Talmhaíochta PSO
## (Fuinneamh, Leictreachas, Síolta agus Cosaint Plandaí) - 3 Bliana

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator




**Innéacsanna Costais Ionchuir Gairneoireachta d'Fhuinnimh, Leictreachais, Shíolta agus Chosaint Plandaí**

Tar éis na méaduithe suntasacha thar na ceithre innéacs go léir, tháinig laghduithe ar a n-innéacsanna praghsanna faoi seach i ngach ceann seachas an t-innéacs Síolta i dtreo dheireadh 2024.

Thit leictreachas 22%, Fuinneamh 19%, agus Cosaint Plandaí 17% óna mbuaicphointe faoi seach sa chairt seo.

https://data.cso.ie/table/AHA05

POS - Eolas faoin bPraghas Ionchuir

# Fo-innéacsanna Praghsanna Ionchuir Talmhaíochta PSO
(Leasacháin) - 10 mBliana




**Innéacsanna Praghsanna Ionchuir Talmhaíochta POS le haghaidh Leasacháin**

D'fhan Innéacsanna Praghsanna Ionchuir Talmhaíochta POS a bhaineann le leasacháin réasúnta cobhsaí le linn an chéad dá bhliain de shonraí sa chairt seo. Ina dhiaidh sin tháinig laghduithe suntasacha thar na hinnéacsanna go léir seachas an tInnéacs Leasacháin eile.

Ba é seo a leanas an pointe is ísle do gach innéacs: Tháinig laghdú 26% ar Leasacháin Dhíreach agus 21% ar an Innéacs foriomlán Leasacháin i mí na Nollag 2016, agus thit NPK 20% agus PK & NK 21% i mí Lúnasa 2017. Faoi Eanáir 2021, thosaigh gach innéacs ag méadú.

https://data.cso.ie/table/AHA04

POS - Eolas faoin bPraghas Ionchuir

# Fo-innéacsanna Praghsanna Ionchuir Talmhaíochta PSO

(Leasacháin) - 5 Bliana




## Innéacsanna Praghsanna Ionchuir Talmhaíochta POS le haghaidh Leasacháin

Faoi Eanáir 2021, bhí méadú mór tagtha ar Innéacsanna Praghsanna Ionchuir Talmhaíochta uile POS le haghaidh leasacháin, ag baineadh buaicphointe amach in 2022.

Bhí na méaduithe innéacs mar seo a leanas:
Leasachán Díreach 246%, Leasachán 181%, Leasachán NPK 171%, agus Leasachán Comhdhúil 170% i Márta 2022.

Tháinig ardú 158% ar Leasachán PK & NK i mí Dheireadh Fómhair 2022, agus tháinig méadú 45% ar an Innéacs Leasacháin Eile i mí Aibreáin 2023.

https://data.cso.ie/table/AHA05

POS - Eolas faoin bPraghas Ionchuir

# Fo-innéacsanna Praghsanna Ionchuir Talmhaíochta PSO
## (Leasacháin) - 3 Bliana




**Innéacsanna Praghsanna Ionchuir Talmhaíochta POS le haghaidh Leasacháin**

Tar éis na méaduithe a pléadh ar an leathanach roimhe seo, tá laghdú suntasach tagtha ar na hinnéacsanna go léir seachas Leasachán Díreach óna mbuaicphointe in 2022.

Ba iad seo a leanas na laghduithe ó bhuaicphointe 2022: Leasachán Díreach 58%, Leasachán 50%, Leasachán NPK 50%, agus Leasachán Comhdhúil 50%, agus PK & NK -50% faoin mbliain 2024.

Is cosúil nach bhfuil na hinnéacsanna chomh luaineach céanna i dtreo dheireadh na bliana 2024.

https://data.cso.ie/table/AHA05

POS - Eolas faoin bPraghas Ionchuir

# Fo-innéacsanna Praghsanna Aschuir Talmhaíochta PSO
## (Aschur bairr, Gránaigh, Torthaí & Glasraí agus Prátaí) - 10 mBliana






**Innéacsanna Praghsanna Aschuir Talmhaíochta**

Go ginearálta, tá treochtaí aschuir ag méadú le deich mbliana anuas. Tháinig méadú de réir a chéile ar an Innéacs Praghsanna Aschuir Talmhaíochta le haghaidh Torthaí agus Glasraí, agus tháinig athrú ar phraghsanna Prátaí le linn na tréimhse seo.

Tháinig ardú freisin ar na hInnéacsanna Aschuir Barr agus Gránaigh le linn na tréimhse seo.

https://data.cso.ie/table/AHA04

POS - Eolas faoin bPraghas Aschuir

# Fo-innéacsanna Praghsanna Aschuir Talmhaíochta PSO
## (Aschur bairr, Gránaigh, Torthaí & Glasraí agus Prátaí) - 5 Bliana




**Innéacsanna Praghsanna Aschuir Talmhaíochta**

Nuair a bhreathnaítear air thar cúig bliana, tá buaicphointí suntasacha ar fud na n-innéacsanna praghsanna aschuir.

Tháinig ardú 61% ar an Innéacs Aschuir Barr agus 108% ar an Innéacs Aschuir Gránaigh, agus bhain an dá cheann ag buaicphointe amach i Meán Fómhair 2022.

Shroich an t-Innéacs Torthaí & Glasraí an pointe ab airde i mí na Nollag 2023 ag 38%, agus bhain an t-Innéacs Praghsanna Prátaí buaicphointe 127% amach i Meán Fómhair 2024.

https://data.cso.ie/table/AHA05

POS - Eolas faoin bPraghas Aschuir

# Fo-innéacsanna Praghsanna Aschuir Talmhaíochta PSO
## (Aschur bairr, Gránaigh, Torthaí & Glasraí agus Prátaí) - 3 Bliana

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator




**Innéacsanna Praghsanna Aschuir Talmhaíochta**

Le trí bliana anuas, tá luaineacht shuntasach léirithe sna hinnéacsanna praghsanna aschuir.

Mar sin féin, gan an t-Innéacs Praghsanna Aschuir Prátaí san áireamh, tá siad cobhsaithe beagán in 2023 agus 2024.

https://data.cso.ie/table/AHA05

POS - Eolas faoin bPraghas Aschuir

# Fo-innéacs Praghsanna Tionscail POS Torthaí agus Glasraí
## 10 mBliana




**Innéacs Praghsanna Tionscail le haghaidh Torthaí agus Glasraí**

Léirigh praghsanna tionsclaíocha do Thorthaí agus Ghlasraí treocht anuas seasta ó Eanáir 2015 go Lúnasa 2017 ag titim 8%.

Cé gur thosaigh an t-innéacs praghsanna tionsclaíochta le haghaidh Torthaí agus Glasraí ag méadú ó Mhárta 2018, tháinig méadú ar an innéacs os cionn luach Eanáir 2015 go dtí Aibreán 2022.

https://data.cso.ie/table/WPM24

# Fo-innéacs Praghsanna Tionscail POS Torthaí agus Glasraí
## 5 Bliana




**Innéacs Praghsanna Tionscail le haghaidh Torthaí agus Glasraí**

Le cúig bliana anuas, bhain an t-innéacs praghsanna tionsclaíochta le haghaidh Torthaí agus Glasraí buaicphointe 18% amach i mí na Nollag 2022.

Ó shin i leith, d'fhan praghsanna seasta ar feadh 2023 agus 2024.

https://data.cso.ie/table/WPM24

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

# Fo-innéacsanna Praghsanna do Thomhaltóirí CSO
## (Bia, Torthaí, Prátaí agus Glasraí) - 10 mBliana




### Innéacsanna Praghsanna do Thomhaltóirí Bia, Torthaí, Prátaí agus Glasraí

Léirigh fo-innéacsanna praghsanna tomhaltóra an POS do Bhia, Thorthaí agus Ghlasraí treocht anuas de réir a chéile ó 2014 go dtí Eanáir 2021, le Bia ag titim 12%, Torthaí 10%, agus Glasraí 12% le linn na tréimhse seo.

Faoi dheireadh 2021, thosaigh na trí innéacs ag méadú, treocht a lean ar aghaidh go dtí 2024.

Bhí an t-innéacs praghsanna Prátaí ní ba chortha ach thosaigh sé ag méadú freisin ó 2022, ag leanúint lena ghluaiseacht aníos go dtí lár na bliana 2024.

https://data.cso.ie/table/CPM18

POS - Eolas faoi Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí

# Fo-innéacsanna Praghsanna do Thomhaltóirí CSO
## (Bia, Torthaí, Prátaí agus Glasraí) - 5 Bliana




### Innéacsanna Praghsanna do Thomhaltóirí Bia, Torthaí, Prátaí agus Glasraí

Arna bhreathnú orthu thar cúig bliana, d'fhan fo-innéacsanna praghsanna tomhaltóra POS do Bhia, Thorthaí, Phrátaí agus Ghlasraí seasmhach, agus níor tháinig ach méaduithe nó laghduithe beag orthu go dtí lár na bliana 2022.

https://data.cso.ie/table/CPM18

POS - Eolas faoi Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí

# Fo-innéacsanna Praghsanna do Thomhaltóirí CSO
## (Bia, Torthaí, Prátaí agus Glasraí) - 3 Bliana




**Innéacsanna Praghsanna do Thomhaltóirí Bia, Torthaí, Prátaí agus Glasraí**

Le trí bliana anuas, tá méadú tagtha ar luach na bhfo-innéacsanna praghsanna do thomhaltóirí Bia, Torthaí, Prátaí agus Glasraí óna dtúsphointe in 2022.

Le linn na tréimhse seo, tháinig méadú ar an innéacs praghsanna Bia 21%, ar an innéacs praghsanna Torthaí 14%, ar ab innéacs praghsanna prátaí 24%, agus ar an innéacs praghsanna glasraí 22% go dtí Eanáir 2025.

https://data.cso.ie/table/CPM18

POS - Eolas faoi Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí

**An Rialálaí Agraibhia**
Agri-Food Regulator

Campas Bhacastúin
Cill Droichid
Co Chill Dara
Éireann
W23 X3PH

+353 (0)1 601 9900
info@agrifoodregulator.ie
www.agrifoodregulator.ie

agrifoodreg
agrifoodregulator
agrifoodregulator
agrifoodregulator
agri-food-regulator
agrifoodregulator.ie